

## FREAGRA ÓN ÚDARÁS EORPACH UM URRÚIS AGUS MARGAÍ

Is díol sásaimh do ESMA tuarascáil CIE maidir lena iniúchadh feidhmíochta ar an Margadh Aonair le haghaidh cistí infheistíochta, ar réimse é atá an-ábhartha d'obair ESMA.

Ba mhaith le ESMA na barúlacha seo a leanas a chur in iúl:

### Mír 56

Ós rud é go bhféadfadh athruithe níos teoranta ar chleachtais na n-údarás inniúla náisiúnta a bheith mar thoradh ar roinnt uirlisí i gcásanna áirithe, ní chiallaíonn sé sin i dtuairim ESMA nach bhfuil na huirlisí sin an-éifeachtach go ginearálta. Tá samplaí ann, mar a aithnítear freisin sa tuarascáil seo, ina raibh tionscnaimh chóineasaithe mhaoirseachta a rinneadh trí uirlisí cóineasaithe (e.g. treoirlínte, tuairimí, C&Anna, líonraí, malartuithe déthaobhacha le húdaráis inniúla náisiúnta) éifeachtach maidir le tuilleadh coinbhéirseachta a chruthú.

### Mír 66

Baineann ESMA úsáid as a chumhachtaí agus as a uirlisí chun iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar shaincheist an fhorfheidhmithe. Mar shampla, laistigh den Líonra Forfheidhmithe, oibríonn ESMA chun a chinneadh an féidir critéir choiteanna tarchuir a shainaithint maidir le cásanna forfheidhmithe ar fud na n-údarás inniúil náisiúnta. Ina theannta sin, nuair a fhaigheann ESMA gearáin faoi shárúithe ar dhlí an AE arna ndéanamh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ina dtagraítear do mhainneachtain líomhnaithe an údaráis inniúil náisiúnta lena mbaineann gníomhú, déanann sé réamhfhosrúcháin BUL agus, i gcás inarb ábhartha, déanann sé dlúthfhaireachán ar an ábhar go dtí go ndéanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta gníomhaíocht mhaoirseachta agus/nó forfheidhmithe. Tá samplaí rathúla ann le déanaí den chur chuige sin ina ndearna ESMA dlúthfhaireachán ar ghníomhaíochtaí an údaráis inniúil náisiúnta chun go mbeidís sásta faoi na gníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta.

### Mír 111

Níl rochtain ag ESMA ar shonraí rialála GCUI ós rud é nach bhfuil aon chreat i bhfeidhm chun tuairisciú rialála a dhéanamh ar shonraí GCUI chuig ESMA. Dá bhrí sin, ní féidir le ESMA úsáid a bhaint as sonraí rialála gráinneacha GCUI, lena n-áirítear torthaí tástálacha struis inmheánacha arna ndéanamh ag cistí, chun tástáil struis mhaoirseachta nó iarthástáil ar ionsamhlúcháin struis a fhorbairt.

Maidir leis an moill idir na sonraí CMA tuairiscithe agus an anailís, ní mór é sin a chur i gcomhthéacs chun chun feidhme an tuairiscithe féin (níos mó ná torthaí na dtástálacha struis). Tá ESMA ag súil go dtiocfaidh feabhas air sin amach anseo.

**Moladh 2****(b)**

Glacann ESMA leis an moladh.

Beidh sé d'aidhm ag ESMA cur chuige níos struchtúrtha a thabhairt isteach chun na huirlisí cóineasaithe ábhartha a shainaithint bunaithe ar na rioscaí a shainaithneofar. Féachfaidh ESMA freisin le hobair leantach níos struchtúrtha a dhéanamh ar thionscnaimh ábhartha chóineasaithe a dtugtar fúthu, agus cur chuige riosca-bhunaithe á chur i bhfeidhm ina leith sin, i bhfianaise na n-impleachtaí ó thaobh na n-acmhainní de ó ESMA agus ó na húdaráis inniúla náisiúnta atá riachtanach chun obair leantach fhiúntach a dhéanamh.

**(c)**

Glacann ESMA leis an moladh.

Scrúdóidh ESMA modhanna chun an fhaisnéis atá ar fáil maidir le cleachtais mhaoirseachta a bhailiú agus faireachán a dhéanamh uirthi, trí chur chuige riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm ina leith sin. Agus é nasctha leis an méid sin, déanfaidh ESMA iarracht le measúnú breise a dhéanamh ar éifeachtacht na n-uirlisí agus na dtorthaí ábhartha a bhaintear amach chun maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtach a chur chun cinn, ag tabhairt dá aire go bhfuil tomhas tionchair agus éifeachtachta fós dúshlánach do gach maoirseoir.

**Moladh 3****(b)**

Glacann ESMA leis an moladh

**(c)**

Glacann ESMA leis an moladh i bpáirt.

Tacaíonn ESMA go láidir le huirlis den sórt sin a chruthú a rachadh chun tairbhe d'infheisteoirí AE. Mar sin féin, chun uirlis den sórt sin a thabhairt isteach, bheadh gá le sainordú soiléir dlíthiúil agus creat ama leordhóthanach chun í a chur chun feidhme.